RÚN (AE) 2023/1893 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 10 Bealtaine 2023

ina bhfuil barúlacha atá in gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad an Údaráis Eorpaigh Saothair (ELA) don bhliain airgeadais 2021

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do cinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil cur chun feidhme bhuiséad an Údaráis Eorpaigh Saothair don bhliain airgeadais 2021,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta,

— ag féachaint do thuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0117/2023),

A. de bhrí, de réir a ráitis ioncaim agus caiteachais ([1]), gurbh é EUR 24 219 500 buiséad deiridh an Údaráis Eorpaigh Saothair (an 'tÚdarás') don bhliain airgeadais 2021; de bhrí go dtagann buiséad an Údaráis ó bhuiséad an Aontais; de bhrí gur cuireadh EUR 1 838 391 chun feidhme faoi Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú an Choimisiúin agus go ndearna an tÚdarás EUR 22 381 110 a bhainistiú go díreach tar éis a neamhspleáchais airgeadais;

B. de bhrí go luann an Chúirt Iniúchóirí ('an Chúirt') ina tuarascáil maidir le cuntais bhliantúla an Lárionaid don bhliain airgeadais 2021 (an 'tuarascáil ón gCúirt') gur soláthraíodh dearbhuithe réasúnacha di go bhfuil cuntais an Lárionaid beacht agus gur idirbhearta dlíthiúla agus rialta is bun leo;

Bainistiú buiséid agus airgeadais

1. ag tabhairt dá haire gur chuir an tÚdarás tús le hoibríochtaí an 17 Deireadh Fómhair 2019 agus gur bhain sé neamhspleáchas airgeadais amach an 26 Bealtaine 2021, agus gur chuir sé tús lena ghníomhaíochtaí ina áitreabh sa Bhratasláiv i mí Mheán Fómhair 2021 tar éis bailchríoch a chur ar an gComhaontú Ceanncheathrún le Poblacht na Slóvaice; á chur in iúl gur geal léi tús na n-oibríochtaí agus á thabhairt chun suntais gurb é an chéad nós imeachta um urscaoileadh é;

2. ag tabhairt dá haire gurb é an toradh a bhí ar na hiarrachtaí faireachán a dhéanamh ar an mbuiséad le linn na bliana airgeadais 2021 ná go ndearnadh ráta leithreasuithe gealltanais na bliana reatha de 95,80 % a chur chun feidhme ar an mbuiséad agus gurbh ionann ráta forghníomhaithe leithreasuithe íocaíochta na bliana reatha agus 30,38 %;

3. á chur i bhfios go láidir go raibh obair an Údaráis ina chéim thionscnaimh; á chur in iúl gurb eol di go bhfuil gá le tuilleadh forbartha agus comhtháthaithe ar phróisis inmheánacha sa tréimhse atá le teacht go dtí go mbeidh siad ag feidhmiú go hiomlán in 2024;

4. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé córais bhainistíochta agus rialaithe a neartú chun feidhmiú cuí an Údaráis a áirithiú; á áitiú go láidir gur gá córais éifeachtacha bhainistíochta agus rialaithe a bheith ann chun cásanna a d'fhéadfadh a bheith ann de choinbhleachtaí leasa, rialuithe *ex-ante* nó*ex-post* a bheith in easnamh, bainistiú neamhleor ar ghealltanais bhuiséadacha agus dhlíthiúla, agus mainneachtainí saincheisteanna a thuairisciú i gclár na n-eisceachtaí, a sheachaint.

Feidhmíocht

5. ag tabhairt dá haire gur cuireadh moill ar an tionscadal atá tiomnaithe do chóras bainistíochta feidhmíochta struchtúrtha a fhorbairt lena dtacófar le príomhtháscairí feidhmíochta comhleanúnacha a fhorbairt, a bhí beartaithe ar dtús do 2021, agus go bhfuil sé á chur chun feidhme faoi láthair; á iarraidh ar an Údarás aon fhorbairtí ina leith sin a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

([1]) IO C 114, 31.3.2021, lch. 232

6. ag cur béim ar an méid atá bainte amach ag an Údarás maidir leis an gcéad tionscnamh earnáilsonrach atá dírithe ar chearta oibrithe taistil agus a bhfostóirí i réimse na hoibre séasúraí, ar a phlean gníomhaíochta agus a fheachtas gaolmhar, arna chur chun feidhme i gcomhar leis na Ballstáit, leis na comhpháirtithe sóisialta agus le geallsealbhóirí eile, agus lena dtugtar le chéile cúraimí oibríochtúla uile an Údaráis;

7. ag tabhairt dá haire agus is mór aici gur thacaigh an tÚdarás leis na chéad deich gcigireacht chomhbheartaithe agus chomhpháirteacha le rannpháirtíocht 11 Bhallstát; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go ndearnadh an tArdán Eorpach chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe a chomhtháthú go rianúil san Údarás in 2021, agus, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), gur ghlac an tÚdarás roinnt freagrachtaí sonracha ar líonra Eorpach na seirbhísí fostaíochta (EURES) ón gCoimisiún, go háirithe rialachas líonra EURES agus gníomhaíochtaí oiliúna agus cumarsáide, agus úinéireacht thairseach EURES

8. ag tabhairt dá haire, agus is mór aici, gur chuir an tÚdarás bailchríoch ar an gcreat is gá chun a chúram idirghabhála a sheoladh go luath in 2022, agus gur ghlac bord bainistíochta an Údaráis rialacha an nós imeachta idirghabhála i mí na Nollag 2021 agus gur sheol sé glao chun ainmniúcháin a áirithiú do na feidhmeanna idirghabhála éagsúla;

9. ag tabhairt dá haire agus is mór aici gur dhoimhnigh an tÚdarás a chomhar le comhlachtaí agus eagraíochtaí eile de chuid an Aontais; á chur in iúl gur geal léi na chéad chomhaontuithe le líonra SOLVIT agus leis an gCoimisiún Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta a tugadh chun críche in 2021; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur chuir an tÚdarás tús leis an gcaibidlíocht maidir le socruithe eile comhair, lena n-áirítear leis an bhForas Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound) agus leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA); ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur thacaigh an tÚdarás agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) i mí Mheán Fómhair 2021 le hiarrachtaí na mBallstát dúshaothrú saothair san obair shéasúrach a chomhrac; ag tathant ar an Údarás féachaint tuilleadh ar na deiseanna atá ann a shocruithe oibre a leathnú agus ar chomhroinnt acmhainní i ndáil le cúraimí forluiteacha le comhlachtaí eile de chuid an Aontais;

10. ag tabhairt dá haire gur cuireadh na gníomhaíochtaí go léir atá beartaithe i gclár oibre 2021 chun feidhme seachas na malartuithe foirne agus na tionscadail um chúnamh frithpháirteach faoin Ardán Eorpach chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe; á aithint go bhféadfadh an easpa iarratas ar na gníomhaíochtaí sin atá bunaithe ar éileamh a chur i leith phaindéim COVID; ag tabhairt dá haire go measann an bord bainistíochta go bhfuil na torthaí a bhain an tÚdarás amach sa dara bliain dá ghníomhaíocht ag leagan na dúshraithe síos chun Údarás lánoibríochtúil agus digitithe a fhorbairt roimh 2024

Beartas foirne

11. á chur in iúl gur cúis bhuartha di, an 31 Nollaig 2021, go raibh an plean bunaíochta curtha chun feidhme 84,21 %, le 32 ghníomhaire shealadacha ceaptha as 38 ngníomhaire shealadacha arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, gur oibrigh 11 ghníomhaire ar conradh agus 41 saineolaí náisiúnta ar iasacht (lena n-áirítear 27 n-oifigeach náisiúnta idirchaidrimh) don Údarás in 2021; ag tabhairt dá haire gur bhain an tÚdarás amach fás suntasach ar a lucht saothair tar éis dianiarrachtaí earcaíochta in 2021 i gcomhréir le ceann de phríomhthosaíochtaí an Údaráis;

12. ag tarraingt aird, áfach, ar an bhfíoras go bhfuil an cion is airde de phoist saineolaithe náisiúnta ar iasacht ag an Údarás (60 as 144 bhall foirne, i bplean bunaíochta 2023) i gcomparáid le gníomhaireachtaí díláraithe uile an Aontais; á iarraidh go ndéanfaí 15 phost saineolaithe náisiúnta ar iasacht a thiontú ina bpoist mar ghníomhairí sealadacha, rud a chuirfidh ar chumas an Údaráis leas a bhaint as foireann iomchuí chun a mhisean a chur chun feidhme tuilleadh;

13. ag cur sonrú san easpa cothromaíocht inscne laistigh de bhainistíocht shinsearach na Gníomhaireachta, agus gur fir iad 4 as 6 (67 %) díobh; ag cur sonrú san easpa cothromaíocht inscne laistigh de bhord bainistíochta an Údaráis, agus gur fir iad 20 as 33 (61 %) díobh; ag cur sonrú, thairis sin, san easpa cothromaíocht inscne laistigh d'fhoireann fhoriomlán an Údaráis, agus gur mná iad 23 as 43 (53 %) díobh; ag tabhairt dá haire an ionadaíocht inscne i measc saineolaithe

([2]) Rialachán (AE) 2019/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Údarás Eorpach Saothair, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 883/2004, (AE) Uimh. 492/2011, agus (AE) 2016/589 agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2016/344 (IO L 186, 11.7.2019, lch. 21).

náisiúnta ar iasacht (lena n-áirítear Oifigigh Náisiúnta Idirchaidrimh) (49 % ar mná iad agus 51 % ar fir iad); ag tabhairt dá haire, thairis sin, go raibh 14 náisiúntacht ag an Údarás bunaithe ar a phoist sa phlean bunaíochta (foireann reachtúil) ag deireadh 2021 agus go raibh sé beartaithe aige na náisiúntachtaí a ndéantar ionadaíocht orthu a mhéadú tuilleadh go dtí 18 in 2022; ag tathant ar an Údarás an chothromaíocht gheografach is mó is féidir a mheas ina nósanna imeachta earcaíochta agus aon fhorbairtí ina leith sin a thuairisciú don údarás um urscaoileadh; á mheabhrú a thábhachtaí atá sé cothromaíocht inscne na foirne a áirithiú agus á iarraidh ar an Lárionad an ghné sin a chur san áireamh maidir le ceapacháin a bheidh ann amach anseo laistigh dá bhainistíocht shinsearach; á iarraidh, thairis sin, ar na Ballstáit é sin a chur i gcuntas agus comhaltaí an bhoird bainistíochta nó saineolaithe náisiúnta ar iasacht á n-ainmniú acu;

14. ag tabhairt dá haire gur ghlac an tÚdarás a chéad struchtúr eagraíochtúil in 2021, gur cheap sé an eagraíocht agus gur lean sé de rialacha agus nósanna imeachta inmheánacha a ghlacadh agus a fhorbairt, agus gur chruthaigh sé, i dteannta a chomhaltaí foirne ar fad, a ráiteas misin agus luachanna lena léirítear éagsúlacht agus cultúr na bhfostaithe uile; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go bhfuil an tÚdarás ag obair chun a bheith go hiomlán oibríochtúil in 2024;

15. ag tabhairt dá haire gur ghlac an tÚdarás an beartas maidir le dínit an duine a chosaint agus ciapadh síceolaíoch agus gnéaschiapadh a chosc i mí an Mhárta 2022, agus ina dhiaidh sin gur thosaigh sé ag eagrú ceardlanna éigeantacha frithchiaptha do gach ball foirne lena n-áirítear conraitheoirí seachtracha, chomh maith le seisiúin thiomnaithe do bhainisteoirí; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur sheol an tÚdarás glao ar léiriú spéise ó chomhairleoirí rúnda i mí an Mheithimh 2022; á iarraidh ar an Údarás aon fhorbairtí ina leith sin a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

16. ag meabhrú a thábhachtaí atá sé beartas fadtéarmach maidir le hacmhainní daonna a fhorbairt maidir le cothromaíocht oibre is saoil, treoir ar feadh an tsaoil agus deiseanna oiliúna sonracha a thairiscint d'fhorbairt gairme, cothromaíocht inscne ar gach leibhéal foirne, teilea-obair, an ceart chun dícheangail, cothromaíocht gheografach a fheabhsú chun ionadaíocht iomchuí a bheith acu ó na Ballstáit uile, agus earcú agus lánpháirtiú daoine faoi mhíchumas chomh maith lena áirithiú go gcaitear go cothrom leo agus go gcuirtear chun cinn go forleathan na deiseanna atá acu

Soláthar

17. ag tabhairt dá haire gur bhain an tÚdarás an úsáid is fearr is féidir as creatchonarthaí idirinstitiúideacha atá ann cheana dá ghníomhaíochtaí riaracháin agus oibríochtúla, agus glaonna ar thairiscintí (caibidlithe, oscailte) á seoladh aige nuair ba ghá; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur thug an tÚdarás 106 nós imeachta soláthair san iomlán i gcrích agus gur shínigh sé chomhaontú ar leibhéal seirbhíse;

18. ag tabhairt dá haire go ndearna an tÚdarás na Modúil ríomhsholáthair Sócmhainní ABAC, ríomhthairiscint, ríomhaighneacht agus Uirlis Bainistíochta um Sholáthar Poiblí (PPMT) a ionduchtú sa bhliain 2021; ag tabhairt dá aire gur thosaigh an tÚdarás ag úsáid PPMT in 2022;

Coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, agus trédhearcacht

19. ag tabhairt dá haire go bhfuil beartas cuimsitheach maidir le coinbhleachtaí leasa á fhorbairt ag an Údarás agus go bhfuil forálacha a bhaineann le coinbhleachtaí leasa i rialacha nósanna imeachta chomhlachtaí an Údaráis (an bord bainistíochta, an grúpa geallsealbhóirí, meithleacha an Údaráis); ag tabhairt dá haire, thairis sin, go bhfuil dearbhuithe maidir le coinbhleachtaí leasa do chomhaltaí an bhoird bainistíochta i bhfeidhm agus go bhfuil fáil orthu go poiblí;

20. ag tabhairt dá haire go bhfoilsíonn an tÚdarás CV a Stiúrthóra Feidhmiúcháin agus go bhfuil sé ag obair ar CVanna ábhartha eile a fhoilsiú in 2023; á iarraidh ar an Údarás aon fhorbairtí ina leith sin a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

21. ag tabhairt dá haire go raibh cruinnithe ag an Údarás in 2021 le geallsealbhóirí seachtracha amhail ionadaithe ceardchumann, ionadaithe eagraíochtaí fostóirí agus ionadaithe gnó, chomh maith le húdaráis náisiúnta agus institiúidí náisiúnta; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, nach bhfuil clár láraithe ag an Údarás de chruinnithe ábhartha le geallsealbhóirí seachtracha agus nach bhfuil sé beartaithe aige clár den sórt sin a bhunú go dtí 2023; ag iarraidh ar an Údarás clár den sórt sin a chur i bhfeidhm a luaithe is féidir agus aon fhorbairtí ina leith sin a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

22. ag tabhairt dá haire agus is mór aici gur ghlac an tÚdarás, de réir analaí, treoirlínte an Choimisiúin maidir le sceithireacht an 25 Bealtaine 2021;

23. á áitiú gur gá rialacha córasacha a chur i bhfeidhm maidir le trédhearcacht, neamh-chomhoiriúnachtaí, coinbhleachtaí leasa, brústocaireacht neamhdhleathach agus doirse imrothlacha; ag iarraidh ar an Údarás a shásraí rialaithe inmheánacha a neartú, lena n-áirítear sásra inmheánach frithéillithe a bhunú;

Rialú inmheánach

24. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, cé gur fhormheas bord bainistíochta an Údaráis, de réir thuarascáil na Cúirte, cairt mhisean sheirbhís um iniúchóireacht inmheánach an Choimisiúin (in 2021) agus creat rialaithe inmheánaigh an Údaráis (ICF) (in 2020), nár ghlac an tÚdarás straitéis iomchuí bainistíochta riosca agus rialaithe go fóill ná nár ghlac sé cairtfhostú an oifigigh údarúcháin ná cairt na n-oifigeach údarúcháin trí fhotharmligean, ná cairt an chuntasóra, agus go gcuireann na bearnaí sin bac ar chur chun feidhme chreat rialaithe inmheánaigh an Údaráis; ag tabhairt dá haire ón bhfreagra ón Údarás gur chuir sé bailchríoch ar an bpróiseas measúnaithe riosca agus go bhfuil roinnt beartas agus nósanna imeachta i bhfeidhm aige chun ICF a chur chun feidhme agus go n-oibríonn sé go leanúnach chun a ICF a neartú tuilleadh agus go bhfuil sé beartaithe aige na cairteacha ábhartha a ghlacadh; ag iarraidh ar an Údarás tuarascáil a thabhairt don údarás um urscaoileadh maidir le forbairt a chórais rialaithe inmheánaigh agus a bhainistithe riosca;

25. ag tabhairt dá haire, de réir thuarascáil na Cúirte, gur thaifead an tÚdarás sócmhainní ag a raibh luach iomlán EUR 73 118 i Sócmhainní ABAC agus i dtaifead an fhardail, gur troscán oifige a bhí sna sócmhainní sin den chuid is mó, agus gur shann an tÚdarás sainaithint fardail agus suíomh amach anseo do gach ítim; ag tabhairt dá haire, áfach, mar gheall ar phaindéim COVID-19, nár lipéadaíodh na sócmhainní tráth an iniúchta, agus nár cuireadh fós iad ina suíomhanna sannta; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go dtéann easpa fardail iomlána agus nuashonraithe lena sonraítear suíomh shócmhainní inláimhsithe an Údaráis i gcoinne Airteagal 87 den Rialachán Airgeadais, agus go ndéanann sé dochar do chumas an Údaráis a shócmhainní a chosaint; ag cur sonrú i bhfreagra an Údaráis, de bharr bhearta srianta cha phaindéim COVID-19, tar éis an tseachadta, gur cuireadh na sócmhainní inláimhsithe sna limistéir ainmnithe le déanaí de réir an phlean suímh agus líon na mball foirne agus go bhfuil an próiseas lipéadaithe agus cur i gcrích fisiciúil na bhfardal tugtha chun críche;

26. ag tabhairt dá haire, de réir thuarascáil na Cúirte, an 11 Nollaig 2020, gur shínigh an tÚdarás conradh sonrach le haghaidh ghníomhaíochtaí oiliúna EURES a chumhdaíonn an chéad ráithe de 2021, arb ionann é agus EUR 299 437, agus gur síníodh creatchonradh nua, dar luach EUR 12 mhilliún agus uastréimhse 48 mí, chun gníomhaíochtaí oiliúna EURES a sholáthar an 9 Samhain 2021, agus nach ndearnadh aon íocaíochtaí a bhaineann leis an gcreatchonradh sin in 2021 ag tabhairt dá haire, thairis sin, de réir thuarascáil na Cúirte nár bhunaigh an tÚdarás rialuithe ex-ante ná ex-post a bhaineann le gnéithe oibríochtúla agus airgeadais na ngníomhaíochtaí oiliúna bunaithe ar fhianaise dhíreach ó na gníomhaíochtaí oiliúna a cuireadh chun feidhme agus ina ionad sin go raibh sé ag brath ar thuarascálacha arna n-eisiúint ag oiliúnóirí, agus go bhféadfadh an easpa nósanna imeachta foirmiúla sin bunaithe ar fhianaise dhíreach rioscaí a chruthú do chur chun feidhme treoracha bainistíochta, agus do bhaint amach chuspóirí an Údaráis;

27. ag tabhairt dá haire gur aithin an tÚdarás gur gá an struchtúr iomchuí a bhunú go hinmheánach, nósanna imeachta foirmiúla a thabhairt isteach bunaithe ar fhianaise dhíreach mar fhreagra ar bharúil na Cúirte; ag tabhairt dá haire go bhfuil rialuithe díreacha á n-úsáid ag an Údarás le haghaidh gníomhaíochtaí oiliúna, agus ó 2023 ar aghaidh, go mbunóidh sé sásra le haghaidh rialuithe díreacha, faoina mbeidh foireann an Údaráis rannpháirteach in 10 % den oiliúint arna soláthar ag EURES, lena gcumhdaítear samplaí de gach cineál agus formáid oiliúna, go n-urramóidh sé cur chun feidhme na hoiliúna, agus go ndéanfar suirbhé ar shástacht na rannpháirtithe i ndiaidh na hoiliúna measúnaithe;

28. ag tabhairt dá haire gur ghlac agus gur chuir an tÚdarás a straitéis frithchalaoise 2021–2023 chun feidhme, agus go ndéantar faireachán ar chur chun feidhme na straitéise trí phlean gníomhaíochta tiomnaithe;

Digitiú agus an t-aistriú glas

29. ag tabhairt dá haire go bhfuil réitigh TFC bunaithe ag an Údarás timpeall ar thairiscint Microsoft 365 agus ar chórais an Choimisiúin arna gcomhroinnt idir institiúidí éagsúla a bhfuil rochtain orthu trí réiteach slán VPN, ar réitigh iad a ndearna comhairleoirí neamhspleácha agus CERT-EU athbhreithniú orthu; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go bhfuil réiteach faireacháin slándála TFC cumraithe ag an Údarás, rud a fhágann gur féidir faireachán a dhéanamh ar CERT-EU bunaithe ar an gcomhaontú ar leibhéal seirbhíse;

30. ag tabhairt dá haire go bhforbrófar beartas cibearshlándála an Údaráis in 2023 le hionchur ó chur chuige Straitéis agus Gníomhaireachtaí TFC maidir leis an rialachán nua cibearshlándála; á iarraidh ar an Údarás aon fhorbairtí ina leith sin a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

31. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé digitiú an Údaráis a mhéadú ó thaobh oibriú agus bainistiú inmheánach de ach freisin chun dlús a chur le digitiú na nósanna imeachta; á chur i bhfáth gur gá don an Údarás leanúint de bheith réamhghníomhach ina leith sin chun bearna dhigiteach idir na gníomhaireachtaí a sheachaint; ag tarraingt aird, áfach, ar an ngá atá leis na bearta slándála uile is gá a dhéanamh chun aon riosca do shlándáil ar líne na faisnéise a phróiseáiltear a sheachaint;

32. ag spreagadh an Údaráis oibriú i ndlúthchomhar le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil); á mholadh go gcuirfí cláir oiliúna a bhaineann leis an gcibearshlándáil a nuashonraítear go rialta ar fáil do gach ball foirne laistigh den Údarás; ag iarraidh ar an Údarás a beartas cibearshlándála a fhorbairt níos tapúla, é a sheachadadh roimh 31 Nollaig 2023 agus tuairisciú don údarás um urscaoileadh;

33. ag tabhairt dá haire agus is mór aici go bhfuil deimhniú Óir na Ceannaireachta i bhFuinneamh agus Dearadh Comhshaoil faighte ag ceanncheathrú an Údaráis sa tSlóvaic (an foirgneamh Landerova 12 nó L12);

Leanúnachas gnó le linn ghéarchéim COVID-19

34. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, tuarascáil na Cúirte nár ghlac an tÚdarás plean leanúnachais gnó go fóill agus gur laige inmheánach mhór é an easpa plean um leanúnachas gnó atá bunaithe agus cuimsitheach; ag tabhairt dá haire ó fhreagra an Údaráis, mar gheall ar phaindéim COVID-19, go raibh réiteach leanúnachais gnó teilea-oibre i bhfeidhm ar bhonn laethúil, agus go n-aithníonn an tÚdarás a thábhachtaí atá doiciméad cuimsitheach ina ndéantar cur síos ar an bplean leanúnachais gnó, atá beartaithe a thabhairt chun críche in 2023; á iarraidh ar an Údarás aon fhorbairtí ina leith sin a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

35. ag tabhairt dá haire agus is mór aici an tuarascáil maidir le 'tionchar na teilea-oibre le linn phaindéim COVID-19 ar an tslándáil shóisialta is infheidhme' agus measúnú inmheánach ar 'thionchar phaindéim COVID-19 ar réimsí oibríochtaí an Údaráis';

Barúlacha eile

36. ag tabhairt dá haire, le linn 2021, go ndearna an tÚdarás tuilleadh forbartha ar a ghníomhaíochtaí cumarsáide, le líon méadaitheach lucht leanúna na meán sóisialta, cruthú suíomhanna nua ar ardáin bhreise na meán sóisialta agus méadú ar inneachar idirghníomhach agus níos tarraingtí, amhail físeáin, agus lean sé dá shuíomh gréasáin, dá amharc-aithne, dá lógó agus dá dhéantáin eile a fhorbairt a mhéadóidh infheictheacht agus aitheantas an Údaráis; á iarraidh ar an Údarás dlús a chur lena hiarrachtaí agus faisnéis ábhartha feidhmíochta a thuairisciú do shaoránaigh an Aontais agus don phobal i gcoitinne i dteanga shoiléir agus inrochtana; ag tathant ar an Údarás trédhearcacht agus cuntasacht phoiblí níos fearr a áirithiú trí úsáid níos fearr a bhaint as cainéil na meán agus na meán sóisialta;

37. á chur in iúl gur geal léi rannpháirtíocht an Údaráis ar leibhéal rialachais le Eurofound, EU-OSHA, agus an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) agus malartú na ndréachtchlár oibre le Eurofound, leis an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA), agus le EIGE chun sineirge a áirithiú sna cláir oibre faoi seach;

38. ag tagairt, i ndáil le barúlacha eile de chineál trasghearrtha a ghabhann lena cinneadh ar urscaoileadh, do rún uaithi an 10 Bealtaine 2023 2023 ([3]) maidir le feidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

([3]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2023)0190.